Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10619 – SNAM / ENI / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/07)

1. An 8 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Snam S.p.A. ("SNAM", an Iodáil),

— ENI S.p.A. ("ENI", an Iodáil),

— JV (an Iodáil).

Gheobhaidh SNAM agus ENI rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta SNAM Group é SNAM, ar leis an bpríomhoibreoir córais tarchurtha gáis san Iodáil, agus tá páirt aige i roinnt cuideachtaí atá gníomhach sna margaí tarchurtha gáis agus stórála gáis i dtíortha éagsúla an Aontais,

— Is cuid de ghrúpa ENI é ENI, grúpa atá gníomhach go stairiúil ar fud na cruinne feadh an tslabhra luacha iomláin ola agus gáis.

3. Is éard a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó JV seirbhísí coimhdeacha a oibriú agus a sholáthar le haghaidh stráice na Túinéise agus na stráice fomhuirí den phíblíne onnmhairiúcháin gáis ar an mbealach ón Ailgéir go dtí an Iodáil (an phíblíne Thras-Mheánmhuirí).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10619 – SNAM / ENI / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").